

**Code of Practice for
Determining Employment
or Self-Employment Status
of Individuals.**

**Cód Cleachtais maidir le
Stádas Fostaíochta nó
Féinfhostaíochta Daoine a
Chinntiú.**

Cód cleachtais maidir le stádas fostaíochta a chinntiú

D'ullmhaigh an Grúpa Stádas Fostaíochta an bhileog seo faoin gClár um Rathúnas agus Cothroime. Bunaíodh an grúpa mar go rabhthas ag éirí imníoch go raibh méadú ar an líon daoine a bhí sa chatagóir 'féinfhostaithe' nuair ba chosúil go mb'fhéidir gur cheart go dtabharfaí stádas 'fostaí' dóibh. Rinne Grúpa Monatóireachta an Gheilleagair Fholaithe an bhileog a nuashonrú sa bhliain 2007 faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta 'I dTreo 2016'. Is é aidhm an doiciméid ná míthuiscintí a dhíbirt agus soiléire a chur ar fáil. Níl sé d'aidhm aige stádas fostaíochta a thabhairt do dhuine ar bith a bhfuil stádas féinfhostaíochta dlite dóibh.

I dtromlach na gcásanna beidh sé soiléir an bhfuil duine fostaithe nó féinfhostaithe. Uaireanta, áfach, ní bhíonn sé chomh soiléir sin, rud is cúis le míthuiscintí maidir le stádas fostaíochta daoine.

Ba chóir go gcuideoidh na critéir thíos le cinneadh ar chomhairle. Tá sé tábhachtach go mbreathnófaí ar an bpost ina iomláine, lena n-áirítear dálaí oibre agus réaltacht an chaidrimh, agus na treoirlínte á mbreithniú. Is é breithniú tábhachtach sa chomhthéacs seo, ná an ndéanann an duine atá ag déanamh na hoibre amhlaidh mar " dhuine i ngnó ar a chuntas féin". An saorghníomhaire é an duine le neamhspleáchas eacnamaíoch den duine atá bainteach sa tseirbhís? Is féidir leis an mbreithniú seo a bheith ina tháscaire úsáideadh de stádas an duine agus ba chóir é a bhreithniú i gcomhar leis na critéir eile atá liostaithe sa chód chleachtais seo.

Is é an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, an bhunchloch maidir le rialáil sláinte agus sábháilteachta in Éirinn. Tá dualgais ag Fostóirí agus ag Fostaithe araon faoin acht. Caitheann an reachtaíocht le daoine féinfhostaithe ar mhodh atá cosúil leis an modh a gcaitheann sí le fostóirí. Cuireann an reachtaíocht dualgas orthu a gcuid gníomhaíochtaí oibre uile a bhainistiú, a phleanáil agus a chur i ngníomh ar bhealach a chinnteoidh sláinte agus sábháilteacht an uile dhuine sa láthair oibre. Go ginearálta, bíonn dualgas sa bhreis i dtaca le sláinte agus sábháilteacht ar dhaoine féinfhostaithe agus ar chonraitheoirí ná mar a bhíonn ar fhostaithe. Ina dhiaidh sin, cibé acu stádas a bhíonn ag duine, bíonn gá le bainistíocht agus dea-chleachtas i dtaca le sláinte agus sábháilteacht san uile oibríocht ag an obair. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó www.hsa.ie

Critéir a thugann le fios gur fostaí an duine

De ghnáth d'áireofaí duine mar fhostaí más fíor na nithe seo a leanas, cé go mb'fhéidir nach mbainfeadh gach ceann le hábhar:

- ✓ Bíonn sé faoi cheannas duine eile a chinneann conas, cathain agus cá ndéantar an obair.
- ✓ Ní sholáthraíonn sé ach saothar.
- ✓ Faigheann sé tuarastal cinnte de réir na huaire/seachtaine/míosa.
- ✓ Ní féidir leis an obair a fhochochrú. Más féidir an obair a fhochochrú agus más féidir leis an duine a dhéanann an fochonrú íoc as, is amhlaidh a aistrítear caidreamh an fhostóra/fhostaí.
- ✓ Ní sholáthraíonn sé ábhair don obair.
- ✓ Ní sholáthraíonn sé trealamh seachas mionuirilísí na ceirde. Sa chás go mbronnfaí stádas fostaí ar dhuine seans gur beag an tábhacht a bhainfeadh le soláthar uirlisí/trealaimh a fhad is a bheadh na tosca ar fad á meas in aon chás ar leith.
- ✓ Ní bhíonn sé gan chosaint ar riosca agus an obair ar siúl aige.
- ✓ Ní ghlacann sé freagracht as infheistíocht ná bainistíocht sa ghnó.
- ✓ Ní bhíonn deis aige buntáiste a bhaint as dea-bhainistíocht i dtaca le sceidealú oibre ná i dtaca le déanamh tascanna a eascraíonn as an obair.
- ✓ Oibríonn sé uaireanta a leagadh síos nó méid cinnte uaireanta in aghaidh na seachtaine/míosa.
- ✓ Oibríonn sé do dhuine amháin nó

do ghnólacht amháin.

- ✓ Faigheann sé focaíochtaí chun costais chothaithe agus taistil a chlúdach.
- ✓ Bíonn sé i dteideal pá bhreise.

Tosca breise le cur san áireamh:

- ✓ Is féidir go mbeadh cuid mhór saoirse agus neamhspleáchais ag duine i mbun oibre agus go mbeadh sé ina fhostaí fós.
- ✓ Is féidir nach dtabharfaí treoir d'fhostaí a bhfuil saineolas aige maidir le hobair a chur i gcrích.
- ✓ Is féidir go n-áireofaí mar fhostaí duine a íoctar ar bhonn coimisiúin, nó ar mhodh neamhghnách eile.
- ✓ Oibríonn fostaithe áirithe d'fhostóirí éagsúla ag aon am amháin. Ní oibríonn fostaithe áirithe ar áitreabh an fhostóra.
- ✓ Tá rialacha ar leith d'Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta (ÁSPC) maidir le daoine muinteartha a fhostú.
- ✓ I gcás ráiteas i gconarthaí a bhreithnigh an Chúirt Uachtarach i gcás “**Denny**”—leithéidí “Measfar gur conraitheoir neamhspleách tú”, “Beidh sé de dhualgas ort a leithéidí de chánacha agus de mhuirir, ar iníochta iad óna leithéidí de tháillí, a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim”, “Aontaítear nach mbeidh feidhm ag forálacha an Achta um Dhífhostú Éagórach 1977 etc.”, “Ní bheidh tú i d'fhostaí ag an gcuideachta seo”, “Beidh tú freagrach as do chúrsaí cánach féin”—ní téarmaí conarthacha iad, agus is beag má tá aon bhaillíocht chonarthach acu. Cé go mb'fhéidir go léiríonn siad barúil na bpáirtithe

conarthacha, is beag tábhacht a bhaineann leo i dtaca le cinneadh a dhéanamh maidir le stádas oibre an duine atá ag obair.

Critéir a thugann le fios go bhfuil duine féinfhostaithe

De ghnáth d'áireofaí duine mar dhuine féinfhostaithe más fíor na nithe seo a leanas, cé go mb'fhéidir nach mbainfeadh gach ceann le hábhar:

- ▲ Is leis a ghnó féin.
- ▲ Bíonn sé ar a phriacal airgeadais fein, de bhrí go seasann sé aon chostas a éiríonn as obair atá lochtach nó atá faoi bhun caighdeáin faoi théarmaí an chonartha.
- ▲ Bíonn sé freagrach as infheistíocht agus bainistíocht sa ghnó.
- ▲ Bíonn deis aige buntáiste a bhaint as dea-bhainistíocht i dtaca le sceidealú oibre agus tascanna.
- ▲ Bíonn sé i bhfeighil ar an obair a dhéantar, ar an gcaoi, ar an uair agus ar an áit a ndéantar í, agus cibé acu a dhéanann sé féin go pearsanta nó duine eile í.
- ▲ Tig leis daoine eile a fhóstú, ar a théarmaí féin, chun an obair a aontaíodh a dhéanamh.
- ▲ Tig leis an tseirbhís chéanna a chur ar fáil do bhreis is duine/cuideachta amháin ag aon am amháin.
- ▲ Soláthraíonn sé ábhair don obair.
- ▲ Soláthraíonn sé trealamh agus innealra don obair, sa bhreis ar mhionuirliisí sin na ceirde ar beag a dtábhacht mar léiriú ar dhuine a bheith i mbun gnó ar a chonlán féin.
- ▲ Bíonn ionad buan gnó aige áit a

mbíonn sé in ann ábhair, trealamh etc. a stóráil.

- ▲ Costálann sé agus aontaíonn sé praghas don obair.
- ▲ Cuireann sé a chlúdach árachais féin ar fáil, m.sh. árachas dliteanais phoiblí, etc.
- ▲ Stiúraíonn sé na huaireanta de réir mar atá dualgais na hoibre á gcomhlíonadh aige.

Tosca breise le cur san áireamh:

- ▲ Go ginearálta, ba cheart go sásódh duine na treoirínte thuas, agus de ghnáth áireofar mar fhostaí é mura sásaíonn.
- ▲ Fiú má chláraíonn duine le haghaidh féinmheasúnú nó Cáin Bhreisluaicha (CBL) faoi phrionsabail an fhéinmheasúnaithe, ní gá go gciallódh sé sin gur duine féinfhostaithe é.
- ▲ Gearrfar cáin ar shealbhóir oifige, cosúil le stiúrthóir cuideachta, faoin gcóras ÍMAT. D'fhéadfadh sé, áfach, go mbeadh ar Rannóg Scóipe na Ranna Coimirce Sóisialaí scrúdú a dhéanamh ar na téarmaí agus na coinníollach leis an Aicme ÁSPC cuí a chinneadh.
- ▲ Ní miste a thabhairt faoi deara maidir le duine atá ina chonraitheoir féinfhostaithe i mbun jab amháin nach gá go mbeadh sé féinfhostaithe sa chéad jab eile. Is féidir a bheith fostaithe agus féinfhostaithe san aon am amháin i jabanna éagsúla.
- ▲ San earnáil thógála, ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta, bíonn gach duine faoi threoir an mhaoir láithreáin. Stiúraíonn an duine

féinfhostaithe an modh a úsáidfear chun an obair a chur i gcrích.

Na hiarmhairtí a éiríonn as cinneadh a dhéanamh maidir le stádas duine

Braithfidh na nithe seo a leanas ar stádas fostaí/duine féinfhostaithe a bheith ag duine:

- An bealach a íocfar cáin agus ÁSPC leis an Ard-Bhailitheoir.
 - ▶ Bainfear cáin agus ÁSPC as ioncam fostaí
 - ▶ Tá sé de dhualgas ar dhuine atá féinfhostaithe réamhcháin a íoc agus tuairisceán cánach ioncaim a chomhdú is cuma cé acu a iarrtar nó nach n-iarrtar iad.
- Teideal a bheith aige chun roinnt áiríthe sochar leasa shóisialta, m.sh. sochar difhostaíochta agus sochar míchumais.
 - ▶ Beidh fostaí i dteideal sochar difhostaíochta, míchumais agus easláinte; ní bheidh duine féinfhostaithe i dteideal na nithe seo.
- Cearta agus teidlíochtaí eile, mar shampla, faoi Reachtaíocht Fostaíochta
 - ▶ Beidh cearta ag fostaí i dtaca le ham oibre, laethanta saoire, saoire thuismitheoirí / mháithreachais, cosaint ar dhífhostú éagórach etc.
 - ▶ Ní bheidh na cearta agus na cosaintí seo ag duine féinfhostaithe.
- Dílteanas poiblí i dtaca leis an obair a dhéantar.

Cinneadh a dhéanamh maidir le stádas - cúnamh a fháil

Nuair a bhíonn sé deacair cinneadh a dhéanamh maidir le stádas cuí duine nó grúpa daoine, féadfaidh na heagrais seo a leanas cúnamh a chur ar fáil.

Cáin agus ÁSPC

- * An Oifig Áitiúil Ioncaim nó an Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh
 - * Rannóg Scoipe na Roinna Coimirce Sóisialaí
- Le haghaidh tuilleadh eolais feic leathanaigh 7 - 10.

Má bhíonn amhras fós an bhfuil duine fostaithe nó féinfhostaithe ba cheart cúnamh a lorg ón Oifig Áitiúil Ioncaim nó ó Rannóg Scoipe na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Tar éis na fíricí ar fad a fháil amach, cuirfear cinneadh maidir le stádas ar fáil i scríbhinn. Go ginearálta, glacfaidh Roinn amháin le cinneadh a dhéanann an ceann eile, ar choinníoll gur soláthraíodh na fíricí ábhartha ar fad ag an am agus nár athraigh na cúinsí ó shin, agus go nglactar leis gur cuireadh i bhfeidhm na prionsabail chearta dlí ar na fíricí a fuarthas amach. Ós rud é go dtagann cúinsí éagsúla chun cinn, áfach, agus go bhfuil forálacha reachtúla éagsúla ann, is féidir nach mbeadh a leithéid de chomhdhearadh insroichte i ngach cás.

An tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta

Bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (NERA) i mí Feabhra 2007 de réir tiomantais in I dTreo 2016. Is é misean NERA ná gnóthachtáil chultúir

náisiúnta de chomhlíonadh an dlí fostaíochta a spreagadh d'fhonn fiontair inbhuanaithe agus cearta fostaíochta reachtúla a chosaint. I measc príomhghníomhaíochtaí NERA tá: scaipeadh faisnéise ar chearta fostaíochta maidir le fostóirí agus fostaithe araon; iniúchtaí ar chomhlíonadh agus más gá, gníomhaíocht ionchúisimh agus forfheidhmíthe.

Cáin Chonarthaí Ábhartha - Foirm RCT I

Feidhmíonn Cáin Chonarthaí Ábhartha (RCT) nuair a dhéanfaidh Fochonraitheoir conradh le Príomhchonraitheoir chun dul i mbun oibríochtaí ábhartha (oibríochtaí tógála, foraoiseachta nó próiseála feola). Ní mór don Phríomhchonraitheoir agus don Fhochonraitheoir Foirm RCT I a chomhlánú le chéile, á dhearbhú gur Conradh Ábhartha an conradh (agus nach conradh fostaíochta é). Athchóiríodh Foirm RCT I chun breis faisnéise a éileamh ón bPríomhchonraitheoir agus ón bhFochonraitheoir lena fháil amach cén fáth a measann siad gur Conradh Ábhartha an conradh atá á mholadh acu. Má shonraítear conradh ina Chonradh Ábhartha go mícheart beidh iarmhairtí aige seo don Phríomhchonraitheoir agus don Fhochonraitheoir. Tá a thuilleadh eolais le fáil ó www.revenue.ie

Fostaíocht nach bhfuil inárachais

Déanann an tAcht um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006 foráil do líon mór oibleagáidí agus cionta ar a n-áirítear go sonrach fostú daoine nach náisiúnaigh de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (EEA) iad ach amháin de réir cead fostaíochta, más gá. Sa chomhthéacs seo, ní conradh dleathach conradh fostaíochta a dhéantar idir a leithéid d'oibrí inimirceach agus fostóir mura dtagann sé faoi réim cead bailí fostaíochta, agus dá bhrí sin ní bhíonn an fhostaíocht sin inárachais faoin Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005. Tá tuilleadh eolais maidir le reachtaíocht um Cheadanna Fostaíochta le fáil ar www.entemp.ie/labour/workpermits nó ar an uimhir Íosghlao 1890 201 606.

Teagmhálacha úsáideacha chun eolas agus bileoga a fháil:

Is féidir **Tuarascáil an Ghrúpa um Stádas Fostaíochta** a bhreithniú ar na suíomhanna gréasáin acu seo a leanas:

- * Na Coimisinéirí Ioncaim
- * An Roinn Coimirce Sóisialaí
- * An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta
- * Comhdháil na gCeardchumann
- * Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann

Na Coimisinéirí Ioncaim

Feic leathanaigh 8 - 10 le haghaidh liosta na nOifigí Áitiúla Ioncaim.

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Rannóg Scoípe,
na Ranna Coimirce Sóisialaí
Teaghligh,
Teach Oisín,
Sráid an Phiarsaigh,
Baile Átha Cliath 2.
(nó aon Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh)
Teileafón (01) 673-2585
Riomhphost: scope@welfare.ie
Idirlíon: www.welfare.ie

An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta
Teach Davitt,
65A Bóthar Adelaide,
Baile Átha Cliath 2.
Íosghlao 1890 220 222
Teileafón (01) 631-3131
Idirlíon: www.entemp.ie

An tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta
An tAonad Faisnéise Cearta Fostaíochta,
Bóthar Uí Bhriain,
Ceatharlach.
Íosghlao 1890 808 090
Riomhphost: info@employmentrights.ie
Idirlíon: www.employmentrights.ie

Comhdháil na gCeardchumann
31-32 Cearnóg Parnell,
Baile Átha Cliath 1.
Teileafón (01) 889-7777
Idirlíon: www.ictu.ie

Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
Teach na Cónaidhme,
84/86 Sráid Bhagóid Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.
Teileafón (01) 605-1500
Idirlíon: www.ibec.ie

An Binse Achomhairc Fostaíochta
Teach Davitt,
65A Bóthar Adelaide,
Baile Átha Cliath 2.
Íosghlao 1890 220 222
Teileafón (01) 631-3006/9
Idirlíon: www.eatribunal.ie

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
An Foirgneamh Uirbeach [The Metropolitan Building],
Sráid James Joyce,
Baile Átha Cliath 1.
Íosghlao 1890 289 389
Idirlíon: www.hsa.ie

An Chúirt Oibreachais
Teach Tom Johnson,
Bóthar Haddington,
Baile Átha Cliath 4.
Íosghlao 1890 220 228
Teileafón (01) 613-6666
Idirlíon: www.labourcourt.ie

An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais agus na Coimisinéirí um Chearta
Teach Tom Johnson,
Bóthar Haddington,
Baile Átha Cliath 4.
Íosghlao 1890 220 227
Teileafón (01) 631-6700
Idirlíon: www.lrc.ie

Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
Teach na Foirgníochta [Construction House],
Bóthar na Canála,
Baile Átha Cliath 6.
Teileafón (01) 406-6000
Idirlíon www.cif.ie

Comhlachas na nGnólachtaí Beaga
Teach na Cónaidhme,
84-86 Sráid Bhagóid Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.
Teileafón (01) 605-1668
Idirlíon: www.sfa.ie

OIFIGÍ ÁITIÚLA IONCAIM

CEISTEANNA Ó FHOSTÓIRÍ:

ÍOSGHLAO 1890 254 565

Tá seoltaí ríomhphoist gach oifig Ioncaim ar fáil ar
www.revenue.ie/cont_main.htm

CUSTAIMÉIRÍ NACH N-ÍOCANN ÍMAT

RÉIGIÚN BHAILE ÁTHA CLIATH

Custaiméirí a bhfuil cónaí orthu agus gnólachtaí a ndéantar iad a bhainistiú agus a stiúradh sna ceantair seo a leanas

CEANTAR LÁR NA CATHRACH Postcheantair 1 agus 2 i mBaile Átha Cliath.	9/15 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, B.Á.C 1.	(01) 865-5000
CEANTAR DHEISCEART NA CATHRACH Ceantar údarás áitiúil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ó dheas den Life ach postcheantar Bhaile Átha Cliath 2 as áireamh.	85 -93 Sráid an Mhóta Íochtarach, B.Á.C. 2.	(01) 647-4000
CEANTAR THUAISCEART NA CATHRACH Ceantar údarás áitiúil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ó thuaidh den Life ach postcheantar Bhaile Átha Cliath 1 as áireamh.	9/15 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.	(01) 865-5000
CEANTAR DHEISCEART AN CHONTAE Ceantar údarás áitiúil Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.	An tOllionad Pláis [Plaza Complex], Bóthar Belgard, Tamhlacht, B.Á.C. 24.	(01) 647-0700
CEANTAR FHINE GALL Ceantar údarás áitiúil Fhine Gall.	Bloc D, Geata Bhaile an Ásaigh, Bóthar na hUaimhe, B.Á.C. 15.	1890 678 456 (01) 827-7000
CEANTAR DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN Ceantar údarás áitiúil Dhún Laoghaire & Ráth an Dúin.	Teach Lansdowne, Bóthar Lansdowne, Droichead na Dothra, B.Á.C. 4.	(01) 632-9400

RANNÓG NA GCÁSANNA MÓRA

RANNÓG NA GCÁSANNA MÓRA	Ionad Setanta, Sráid Thobar Phádraig [Sráid Nassau], B.Á.C. 2.	(01) 647-0710
--------------------------------	--	---------------

RÉIGIÚN AN OIRTHIR & AN OIRDHEISCIRT Custaiméirí a bhfuil cónaí orthu agus gnólachtaí a ndéantar iad a bhainistiú agus a stiúradh sna ceantair seo a leanas		
CEANTAR THIOBRAID ÁRANN Ceantar Thiobraid Árann Theas-Cluain Meala as áireamh	Oifigí Rialtais, Sráid an Bhóthair, Durlas, Co. Thiobraid Árann.	(0504) 28700
CEANTAR PHORT LÁIRGE Ceantar Thiobraid Árann Theas-Cluain Meala agus Cill Chainnigh Theas san áireamh	Oifigí Rialtais, An Gleann, Port Láirge.	(051) 862-100
CEANTAR LOCH GARMAN Contae Loch Garman	Oifigí Rialtais, Sráid Áine, Loch Garman.	(053) 914-9300
CEANTAR CHILL CHAINNIGH Ceantair Cheatharlach & Laoise san áireamh ach Cill Chainnigh Theas as áireamh	Oifigí Rialtais, Bóthar Hebron, Cill Chainnigh.	(056) 776-3700
CEANTAR CHILL MHANTÁIN Contae Chill Mhantáin	4 Bóthar Claremont, Dumhach Thrá, B.Á.C. 4.	(01) 631-6500
CEANTAR CHILL DARA Contae Chill Dara	Bloc F, Campas Gnó Bhóthar Chaislean an Chomair, Baile Átha Í, Co. Chill Dara	(059) 864-3200
CEANTAR NA MÍ Contae na Mí	Meal na Mainistreach, Bóthar na Mainistreach, An Uaimh, Co. na Mí.	(046) 903-3600
RÉIGIÚN NA TEORANN, LÁR TÍRE AGUS AN IARTHAIR Custaiméirí a bhfuil cónaí orthu agus gnólachtaí a ndéantar iad a bhainistiú agus a stiúradh sna ceantair seo a leanas		
RÉIGIÚN AN CHABHÁIN/MHUINEACHÁIN Contaetha an Chabháin agus Mhuineacháin	Oifigí Rialtais, Ionad na Mílaoise, Dún Dealgan, Co. Lú.	(042) 935-3700
CEANTAR DHÚN NA NGALL Contae Dhún na nGall	Oifigí Rialtais, An Bóthar Ard, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.	(074) 916-9400
RÉIGIÚN CONTAE NA GAILLIMHE Contae na Gaillimhe ach an chathair as áireamh	Geata na Cathrach Faiche an Aonaigh an Ghailimh.	(091) 547-700
CEANTAR NA GAILLIMHE/ROS COMÁIN Cathair na Gaillimhe agus Contae Ros Comáin	Geata na Cathrach Faiche an Aonaigh an Ghailimh.	(091) 547-700
CEANTAR LÚ Contae Lú	Oifigí Rialtais, Ionad na Mílaoise, Dún Dealgan, Co. Lú.	(042) 935-3700
CEANTAR MHAIGH EO Contae Mhaigh Eo	Teach Michael Davitt, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo.	(094) 903-7000
CEANTAR SHLIGIGH Contaetha Shligigh, Liatroma agus an Longfoirt	Oifigí Rialtais, Bóthar Cranmore, Sligeach.	(071) 914-8600

CEANTAR NA HIARMHÍ/ÚÍBH FHAILÍ Contaetha na hIarmhí agus Uíbh Fhailí	Oifigí Rialtais, Sráid an Phiarsaigh, Áth Luain, Co. na hIarmhí.	(090) 642-1800
--	--	----------------

RÉIGIÚN AN IARDHEISCIRT Custaiméirí a bhfuil cónaí orthu agus gnólachtaí a ndéantar iad a bhainistiú agus a stiúradh sna ceantair seo a leanas		
CEANTAR AN CHLÁIR Contae an Chláir.	Oifigí Rialtais, Bóthar Chill Rois, Inis, Co. an Chláir.	(065) 684-9000
CEANTAR CHORCAÍ THOIR Corcaigh Thoir, ar a n-áirítear Contae Chorcaí Thoir, Cathair Chorcaí Thuaidh & Lár na Cathrach.	Teach an Ioncaim Bóthar na Deastógala an Linn Dubh, Corcaigh.	(021) 602-7000
CEANTAR CHORCAÍ THIAR-THEAS Corcaigh Thiar-Theas, ar a n-áirítear Contae Chorcaí Thiar-Theas, Deisceart na Cathrach & Oirthear na Cathrach.	Teach an Ioncaim Bóthar na Deastógala an Linn Dubh, Corcaigh.	(021) 602-7000
CEANTAR CHORCAÍ THIAR-THUIDH Corcaigh Thiar-Thuaidh, ar a n-áirítear Contae Chorcaí Thiar-Thuaidh & Iarthar na Cathrach.	Teach an Ioncaim Bóthar na Deastógala an Linn Dubh, Corcaigh.	(021) 602-7000
CEANTAR CHIARRAÍ Contae Chiarraí.	Oifigí Rialtais, Bóthar an Spá, Trá Lí, Co. Chiarraí.	(066) 716-1000
CEANTAR LUIMNIGH Contae Luimnigh.	Teach na hAbhann, Cé Charlotte, Luimneach.	(061) 212-700
EILE		
OIFIGÍ POIBLÍ (Déileálar le fiosruithe ag an gcontar poiblí amháin)		
An Phríomh-Oifig Faisnéise Ioncaim	Sráid na hArdeaglaise, B.Á.C. 1. Ar oscailt: 8.30am go 4pm Luan - Aoine.	
Oifig Faisnéise Ioncaim Thamhlachta	Leibhéal a 2, An Chearnóg, Tamhlacht, B.Á.C. 24. Ar oscailt: 9.30am go 4pm Luan – Aoine.	
CÁSANNA GAEILGE (Le haghaidh custaiméirí ar mian leo déileáil lena ngnóthaí cánach trí Ghaeilge).		
Aonad 7, Ceantar na Cathrach Thuaidh	9/15 Sráid Uí Chonail Thuaidh, B.Á.C. 1.	(01) 865-5000
CUSTAIMÉIRÍ ÍOC MAR A THUILLIR (ÍMAT)		
RÉIGIÚN NA TEORANN, LÁR TÍRE & AN IARTHAIR [BMW] Custaiméirí i gContaetha Dhún na nGall, Liatroma, Shligigh, Mhaigh Eo, na Gaillimhe, Ros Comáin, an Longfoirt, Uíbh Fhailí, an Chabháin, Mhuineacháin, na hIarmhí agus Lú.	Cáiníocóirí ÍMAT a bhfuil cónaí orthu i Réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair: Íosghlao 1890 777 425	
RÉIGIÚN BHAILE ÁTHA CLIATH Custaiméirí i gCathair agus i gContae Bhaile Átha Cliath.	Cáiníocóirí ÍMAT a bhfuil cónaí orthu i Réigiún Bhaile Átha Cliath: Íosghlao 1890 333 425	

<p>RÉIGIÚN AN IARDHEISCIRT Custaiméirí i gContaetha an Chláir, Chorcaí, Luimnigh agus Chiarraí.</p>	<p>Cáiníocóirí ÍMAT a bhfuil cónaí orthu i Réigiún an Iardheiscirt: Íosghlao 1890 222 425</p>
<p>RÉIGIÚN AN OIRTHIR AGUS AN OIRDHEISCIRT Custaiméirí i gContaetha na Mí, Chill Dara, Laoise, Thiobraid Árann, Phort Láirge, Loch Garman, Chill Mhantáin, Chill Chainnigh agus Cheatharlach.</p>	<p>Cáiníocóirí ÍMAT a bhfuil cónaí orthu i Réigiún an Oirthir agus an Oirdheiscirt: Íosghlao 1890 444 425</p>

Tiomsaíodh an bhileog seo le cuidiú ón Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, ón Údarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta, ón Coimirce Sóisialaí, ón Roinn Airgeadais, ó Chomhdháil na gCeardchumann, Chónaidhm Ghnóthlachaí agus Fhostóirí na hÉireann, ó Chomhlachas na nGnólachtaí Beaga, Chónaidhm Thionscal na Foirgníochta agus ó na Coimisinéirí Ioncaim.